

Mál

Cáin Ola Mianraí
Treoir d'Úsáideoirí maidir le Tuairisceáin
Stóras

An uair dheireanach a rinneadh athbhreithniú ar an doiciméad ná Eanáir 2021

Clár na nÁbhar

1.	Réamhrá	4
1.1	An Ceannteideal Cánach COM.....	4
1.2	Tuairisceán Stórais	4
1.3	Muirear Carbóin.....	5
1.4	Ríomh an Dliteanais COM	5
1.4.1	Athshlánú Gaile – Beart Eatramhach	5
1.5	Rátaí Dleachta Máil.....	6
1.6	Rochtain Gníomhairí	6
1.7	Taifid a Choinneáil	6
1.8	Neamhábaltacht Tuairisceán a Thíolacadh/Leasú.....	6
1.9	Ceisteanna agus Cabhair.....	7
2.	Cuntas a Choinneáil ar Cháin Ola Mianraí.....	8
2.1	Íocaíocht	8
2.2	Sceideal Íocaíochta	9
2.3	Íocaíochtaí Iarchurtha agus Ráthaíochtaí Urrúis	9
3.	Tuairisceán Stórais a Thíolacadh	10
3.1	Tíolacadh Tuairisceáin a Thionscnamh in ROS	11
3.2	Scáileán Roghnaithe Tréimhse	12
3.3	Scáileán Achoimre Tuairisceáin	13
3.4	Scáileán Roghnaithe Táirge.....	14
3.5	Scáileán Sonraí Táirge	16
3.5.1	Iarmhéid Tosaigh	17
3.5.2	Iarmhéid Deiridh	17
3.5.3	Iompórtáilte	17
3.5.4	Dleacht Ar Fionraí Isteach	17
3.5.5	Táirgthe	17
3.5.6	Gnóthachain Stoic	18
3.5.7	Ó Oibríochtaí	18
3.5.8	Easpórtáilte	18
3.5.9	Táirge Amach Ar Fionraí Dleachtanna	18
3.5.10	Go hOibríochtaí	19
3.5.11	Cailteanais Stoic	19

3.5.12	Úsáid Baile	19
3.5.13	Toirt an Bhithbhreosla Íon	19
3.5.14	Loghadh COM	20
3.5.15	Loghadh Muirir Carbóin	20
3.5.16	Athruithe i Rátaí Buiséid	21
3.5.17	Páirt-Sábháil	21
3.6	Scáileán Achoimre	22
3.7	Scáileán Íocaíochta	23
3.8	Scáileán Síngigh & Tíolaic	24
3.9	Ró-íocaíocht COM	25
3.9.1	Ró-íocaíocht a Fhritháireamh	25
3.10	Ola Mhianraí Éillithe	25
4.	Breathnú ar Thuairisceán Stórais	26
5.	Tuairisceán Stórais a Leasú	27
6.	Tuairisceán Stórais a Chealú.....	28

1. Réamhrá

Iarrtar ar choimeádaithe stóras ola mianraí, de réir dlí máil, tuairisceán míosúil a dhéanamh i leith na cánach iníoctha ar ola mhianrach a bhaintear ón stóras.

In áit an chórais pháipéarbhunaithe chun an Cháin Ola Mianraí (COM) a thíolacadh agus cuntas a choinneáil uirthi, is é sin an barántas stórais, tá tuairisceán leictreonach stórais COM tagtha isteach anois a chaithfear a thíolacadh trí ROS (Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim).

Mínítear san fhógra poiblí seo cén chaoi lenar féidir le coimeádaithe stóras tuairisceáin leictreonacha stórais a thíolacadh, breathnú orthu agus iad a leasú. Sonraítear ann freisin cén uair agus cén chaoi lenar féidir le coimeádaithe stóras cuntas a choinneáil ar a ndliteanas COM.

1.1 An Ceannteideal Cánach COM

Aistríodh próiseas cuntasáíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh tuairisceáin stórais COM ón gceannteideal cánach Custam agus Mál (C&E) go ceannteideal nua cánach ar leithligh COM.

Ní bheidh ach coimeádaithe stóras atá cláraithe don cheannteideal nua cánach COM agus a bhfuil uimhir reatha stórais acu ar SEED (córas le haghaidh faisnéis máil a mhalartú) in ann tuairisceán stórais a thíolacadh.

Tabhair do d'aire agus an tuairisceán nua á fheidhmiú go beo (1 Feabhra 2017) go ndéanfar gach coimeádaí stórais ola mianraí a chlárú go huathoibríoch faoin gceannteideal nua cánach COM.

Ina dhiaidh sin, clárófar coimeádaithe nua stóras ola mianraí mar chuid den phróiseas údaráithe coimeádaithe stórais.

1.2 Tuairisceán Stórais

Is comhdhlúthú é an tuairisceán nua leictreonach stórais COM de na seanleaganacha páipéarbhunaithe dá bhfuil a leanas:

- Barántas Stórais Ola Mianraí (C&E 1108),
- Muirear Carbóin ar Thuairisceáin ex-Stóras Cánach Ola Mianraí (MOTCC1), agus
- Tuairisceán Míosúil Stoic (C&E 1122).

Tabhair do d'aire go bhfuil Tuairisceáin Gluaiseachtaí Ola (ROM1) fós ar leithligh ón tuairisceán stórais agus ní mór don uile thrádálaí leanúint le ROM1 a thíolacadh mar a bhí roimhe seo.

Is tuairisceán míosúil é an tuairisceán stórais, agus is é an 15ú lá den mhí i ndiaidh fhabhrú an dliteanas an dá dlite don tuairisceán.

Iarrfar ar an uile chuideachta tuairisceán amháin míosúil a thíolacadh, briste síos de réir stórais. Is éard a bheidh sa tuairisceán ná na sonraí trádála a bhaineann le gach stóras gníomhach COM atá ceangailte leis an gcuideachta, mar a thaifeadtar ar SEED é. Ní mór do chustaiméirí, i dtaca le gach stóras a bhfuil ceadúnú acu dó, sonraí trádála a sholáthar de réir mar atá sonraithe in [Alt 3.5](#), do gach táirge a ndéileáiltear leis i ngach stóras.

Nuair nach ndearna trádálaí aon trádáil ghníomhach i mbreosla áirithe le linn na míosa, ach a bhfuil an breosla sa stoc acu, iarrfar ar an trádálaí ina ainneoin sin sonraí trádála an bhreosla sin a ionchur, ionas go gcomhlíonfar a n-oibleagáid don tuairisceán míosúil stoic.

1.3 Muirear Carbóin

Tá dhá chomhpháirt cánach sa COM: muirear neamhcharbóin; agus muirear carbóin. Freastalóidh an tuairisceán nua ar dhearbhuithe maidir le dliteanas an mhuirir neamhcharbóin agus an mhuirir carbóin araon.

I gcomhréir le hAlt 100(5) den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú), nuair a chuirtear bithbhreosla le hola eile mhianraí, baineann faoiseamh ón muirear carbóin leis an gcuid sin den ola mhianraí ar bithbhreosla í. Féadfaidh coimeádaithe stóras toirt an bhithbhreosla íon a chuirtear leis an mbreosla cuí a ionchur ar an Scáileán Sonraí Táirge, mar atá sonraithe in [Alt 3.5](#).

1.4 Ríomh an Dliteanais COM

Agus an tuairisceán leictreonach stórais COM á thabhairt isteach, bunófar ríomh an dliteanais ar shamhail Geata Amach seachas an cur chuige Ídithe Stoic a bhí ann roimhe seo. Déanfar dliteanas MOT a ríomh ar thoirt an táirge mar a thomhaistear ar mhéadar é agus é ag fágáil an stórais cánach.

Dá réir sin scoirfeadh an fheidhm leis an liúntas cailteanais bunráta, a chuir san áireamh an sciar den ídiú stoic inchurtha i leith cailteanais earra agus é á choinneáil i stóras ar fionraí dleachtanna – liúntas a ceadaíodh faoi Alt 98A(4)(a) den Acht Airgeadais, 2001 mar chuid den ríomh ídithe stoic.

1.4.1 Athshlánú Gaile – Beart Eatramhach

Mar fhreagra ar aighneacht ó Chomhlachas Thionscal Peitriam na hÉireann, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag ceadú, ó 1 Feabhra 2017, liúntas 0.18% ar dhliteanas COM mar bheart eatramhach i dtaca le peitreal agus derv a eisítear le haghaidh úsáid baile ex-stórais mar aitheantas d'aisdúichiú chun stórais i bhfoirm gal athshlánaithe stoic ola ar íocadh dleacht ina leith. Beidh feidhm leis seo i dtaca le dliteanas COM peitiril agus díosail/derv ar feadh tréimhse 12 mhí, go 31 Eanáir 2018.

Cuirfeadh an liúntas i bhfeidhm trí chomhchoigeartú ar ríomh an ráta, mar a fheidhmítear é agus an dliteanas míosúil á ríomh.

Idir an dá linn, beidh na Coimisinéirí Ioncaim ag dul i dteagmháil leis an earnáil ola mianraí chun anailís bhreise a dhéanamh ar aisdúichiú gaile athshlánaithe agus ar a thionchar ar dhliteanas COM.

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh dá éis sin ar fhairsinge liúntais den chineál sin ar chóir a chur i bhfeidhm ar dhliteanais iarstórais MOT roimh 31 Eanáir 2018, tar éis comhairliúchán leis an earnáil ola mianraí agus bunaithe ar mhéid na fianaise ar fáil ar ghal athshlánaithe agus a thionchar ar dhliteanais COM.

Aon chaillteanais a tharlaíonn sa stóras seachas iad siúd atá clúdaithe le hAlt 98A(4)(a) den Acht Airgeadais, 2001, doirteadh mar shampla, ní mór leanúint le hiad a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim láithreach tar éis don choimeádaí iad a bhrath chun ligean d'oifigigh deimhniú a thabhairt ar na cúinsí, ar na toirteanna i gceist &rl. Féadfar caillteanais den chineál sin a chur síos ar thuairisceáin Cánach Corparáide (CT1) na cuideachta mar fhaoiseamh ó chaillteanais.

1.5 Rátaí Dleachta Máil

Tá rátaí reatha máil ar fáil ar [shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim](#).

1.6 Rochtain Gníomhairí

Faoi réir comhlíonadh le Rialachán 43 de na Rialacháin Cánach Ola Mianraí, 2012 (I.R. Uimh. 231 de 2012), éascófar gníomhairí chun tuairisceáin stóras MOT a phróiseáil chun ligean do ghníomhairí tuairisceáin a thíolacadh agus íocaíochtaí máil a dhéanamh ar son a gcustaiméirí. Ní mór do ghníomhairí Fo-theastas ROS a fháil ón gcoimeádaí cuí stórais chun leas a bhaint as an bhfeidhmiúlacht seo.

1.7 Taifid a Choinneáil

Ní mór gach taifead a bhaineann le hearraí inmháil a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná 6 bliana ó dháta na hiontrála deireanaí ann, nó ar feadh tréimhse eile a mholfaidh na Coimisinéirí Ioncaim in aon chás ar leith. Ba chóir go mbeadh rian soiléir iniúchta ar thaifid na gcoimeádaithe stóras. Ní mór go gcuirfí na taifid ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim nuair a iarrtar iad agus ní mór iad a choinneáil: ag seoladh cláraithe an ghnó; ag an stóras COM; nó ag áit eile den chineál sin a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim.

1.8 Neamhábaltacht Tuairisceán a Thíolacadh/Leasú

Ní mór do choimeádaithe stóras nach bhfuil in ann tuairisceán a thíolacadh/leasú go leictreonach trí ROS é sin a chur in iúl láithreach don Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá freagrach as comhlíontacht an stórais. Eiseoidh an tOifigeach foirm tuairisceáin páipéarbhunaithe don choimeádaí stórais le hí a chomhlánú. Féadfaidh oibrithe cásanna leithleacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tuairisceán stórais a ionchur nó a leasú ar son coimeádaí stórais. Ní dhéanfar é sin, áfach, ach amháin:

- (a) Nuair atá cúis dhliteanach ag an gcoimeádaí stórais gan a bheith in ann an tuairisceán a thíolacadh/leasú iad féin, agus

- (b) Nuair a bheidh tuairisceán páipéarbhunaithe sínithe comhlánaithe ina iomláine faighte ag an oibrí cásanna leithleacha. Ní mór tuairisceán páipéarbhunaithe ar leith a thíolacadh do gach stóras i gceist.

Tabhair do d'aire, i gcás go dtiocfadh, mar gheall ar athrú buiséadach, athrú ar ráta dleachta máil do tháirge a bhíonn i dtuairisceán a thíolactar de lámh, iarrfar ar an gcoimeadaí stórais dhá thuairisceán pháipéarbhunaithe a thíolacadh do gach stóras. Tá treoracha ar fáil ar an bhfoirm tuairisceáin pháipéarbhunaithe maidir le cén chaoi lena gcomhlánaítear na tuairisceáin sa chás seo.

Féadfaidh sé go mbeidh ús agus pionóis i gceist nuair a thíolactar tuairisceán tar éis an dáta dhlite, nó nuair nach n-íoctar dliteanas iomlán an COM.

1.9 Ceisteanna agus Cabhair

Tá Oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil chun cabhair a chur ar fáil má theastaíonn sé.

Féadfar teagmháil a dhéanamh le Rannán na gCásanna Móra i gCeantar Ola Mótair & Iompair na gCoimisinéirí Ioncaim ach glaogh ar 01 738 36 37.

De rogha air sin, féadfar ceisteanna i dtaca leis an bpróiseas tíolactha tuairisceán leictreonach stórais a chur tríd an áis thiomnaithe shlán ríomhphoist *m'Fhiosruithe* ach ESIMOT@revenue.ie a chur sa réimse 'Faoi Bhráid'.

Beidh Deasc Chabhrach ROS na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil chun cabhrú le cibé ceist a bheidh agat i dtaca le rochtain ROS. Seo thíos na sonraí teagmhála do Dheasc Chabhrach ROS:

- Seol ríomhphost chuig roshelp@revenue.ie
- Glaogh ar 01 738 36 99
- Ó áiteanna **taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann**, féadfaidh tú d'uimhir theileafóin a chur i ríomhphost chuig an Deasc Chabhrach agus glaofaimid ort, é sin nó glaogh ar +353 1 738 36 99.

2. Cuntas a Choinneáil ar Cháin Ola Mianraí

Faoi réir Alt 96(5) den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú), i dtaca le COM a íoc, féadfaidh coimeádaithe stóras:

- Cuntas a choinneáil láithreach ar dhliteanas COM, idir an chomhpháirt neamhcharbóin agus an chomhpháirt carbóin araon; nó
- An íocaíocht ar an dliteanas COM a chur siar, idir an chomhpháirt neamhcharbóin agus an chomhpháirt carbóin araon, go dtí an 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin, faoi réir ráthaíocht ó institiúid airgeadais a bheith ann chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, d'fhonn an dliteanas bainteach a chinntiú.

Ón 1 Feabhra 2017, ní mór don uile choimeádaí stórais cuntas a choinneáil ar an gcomhpháirt muirir carbóin agus ar an gcomhpháirt muirir neamhcharbóin den COM araon ag an am céanna. Ní cheadaítear faoin reachtaíocht a thuilleadh an cleachtas a bhí ann roimhe seo an muirear carbóin a chur siar agus an chomhpháirt neamhcharbóin á íoc.

Coimeádaithe Stórais a roghnaíonn a ndliteanas COM a íoc ar bhonn láithreach (is é sin gan dliteanas a chur siar), ní mór dóibh íocaíochtaí tráthúla a dhéanamh, a oireann don dliteanas réamh-mheasta nó tabhaithe COM. Ba chóir go mbunófaí na híocaíochtaí seo ar:

- Dliteanas réamh-mheasta, má táthar á íoc i dtaca le tréimhse amach anseo;
- Meán laethúil, ríofa i dtaca leis an mí roimhe; nó,
- De réir dliteanas iarbhír an lae roimhe.

Coimeádaithe stóras ar mian leo feidhmiú ar bhonn íocaíochta iarchurtha, iarrtar orthu ionstraim ráthaíochta urrúis a fháil, a bheidh inghlactha do na Coimisinéirí Ioncaim, ó institiúid airgeadais ar luach 150% de mheándhliteanas míosúil measta an trádálaí thar tréimhse 12 mhí agus slánaithe suas mar is cuí.

Ní mór do choimeádaithe stóras íocaíocht a dhéanamh ar aon dliteanas amuigh COM, bíodh sé iarchurtha nó eile, agus an tuairisceán stórais á thíolacadh.

2.1 Íocaíocht

Próiseálfar íocaíocht an dliteanais COM trí áis ar líne íocaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadfaidh custaiméirí teacht ar an áis shlán ar líne trí ROS nó trí moChúrsaí chun íocaíochtaí cánach agus eile a dhéanamh.

Féadfar íocaíochtaí dliteanais COM a dhéanamh le Cárta Creidmheasa, le Cárta Dochair, nó trí ríomhaistriú ó chuntas bainc an íocóra trí Threoir Dochair Aonair (TDA).

2.2 Sceideal Íocaíochta

Coimeádaithe stóras a roghnaíonn gan leas a bhaint as íocaíocht iarchurtha, iarrfar orthu COM a íoc nuair a scaoiltear an ola mhianrach le haghaidh úsáid baile. Ar chúiseanna praiticiúla, níl sé indéanta íocaíocht ar COM a dhéanamh ar gach lasta ola mianraí agus é ag fágáil an stórais. Ceadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim do choimeádaithe stóras íocaíochtaí comhionanna a dhéanamh, bunaithe ar dhliteanas comhiomlán an COM thar thréimhse ghearr sheasta.

Féadfar méid na n-íocaíochtaí seo a mheas, agus, chuige seo, ba chóir go mbunófaí é ar thoirt aithnid na hola mianraí ar scaoileadh léi le haghaidh úsáide sa mhí roimhe. De rogha air sin, féadfar íocaíocht a bhunú ar dhliteanas iarbhir an lae/na laethanta roimhe.

Ní mór go gcuirfear san áireamh in íocaíochtaí an chomhpháirt muirir carbóin, ó ní cheadaítear a thuilleadh dliteanas an mhuirir carbóin amháin a chur siar.

Éascaítear íocaíochtaí aonair trí ROS agus féadfar iad a dhéanamh ach Cáin/Íocaíocht/Dearbhú > COM > Déan Íocaíocht a roghnú mar a léirítear thíos é. Ní mór d'úsáideoirí an tréimhse a roghnú a bhfuil an íocaíocht á déanamh ina leith, méid cuí na híocaíochta a chur isteach, agus ar deireadh a rogha modha íocaíochta a chur in iúl.

Fíor 1 - Leathanach Baile Íocaíochtaí & Aisiocaíochtaí ROS


2.3 Íocaíochtaí Iarchurtha agus Ráthaíochtaí Urrúis

Rinneadh reachtaíocht mháil, alt 96(5) den Acht Airgeadais 1999 go sonrach, a oiriúnú ionas go bhféadann trádálaithe COM íocaíocht iarchurtha COM a roghnú. Ní mór don uile choimeádaí stórais cuntas a choinneáil ar an gcomhpháirt muirir carbóin agus ar an gcomhpháirt muirir neamhcharbóin den COM araon ag an am céanna, ar bhonn láithreach trí íocaíochtaí laethúla nó ar bhonn iarchurtha ar an 15ú den mhí ina dhiaidh. Coimeádaithe stóras ar mian leo feidhmiú ar bhonn íocaíochta iarchurtha, iarrtar orthu ionstraim ráthaíochta urrúis a fháil, a bheidh inghlactha do na Coimisinéirí Ioncaim, ó institiúid airgeadais ar luach 150% de mheándhliteanas míosúil measta an trádálaí thar thréimhse 12 mhí agus slánaithe suas mar is cuí.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an bpróiseas iarratais, agus le haghaidh iniamh laistigh den scéim íocaíochta iarchurtha, déan teagmháil le Rannóg na gCorparáidí Móra i mBrainse Ola Mótair & Iompair na gCoimisinéirí Ioncaim, ar 01 738 36 37. De rogha air sin, féadtar fiosruithe a sheoladh tríd an áis thiomnaithe shlán ríomhphoist largecasediv@revenue.ie.

3. Tuairisceán Stórais a Thíolacadh

Léirítear sa tsreabhléaráid thíos gach céim sa phróiseas chun tuairisceán stórais a thíolacadh.



Fíor 2 - Sreabhléaráid um Thíolacadh an Tuairisceáin Stórais

Sonraítear gach céim den phróiseas tuairisceáin sna fo-ailt seo a leanas.

3.1 Tíolacadh Tuairisceáin a Thionscnamh in ROS

Tar éis logáil isteach ar ROS, féadfaidh úsáideoirí tús a chur leis an bpróiseas tíolactha tuairisceáin tríd an gcineál cánach COM a roghnú ón roghchlár anuas; ansin an 'Tuairisceán Stórais' a roghnú; agus ansin cliceáil ar an gcnaipe 'Tíolaic Tuairisceán' mar a léirítear ar an léaráid thíos.



Tuairisceán a chomhdú


Comhlánaigh Foirm Ar-líne
Roghnaigh tuairisceán ar mhaith leat a chomhlánú anois. Tabharfar an rogha duit an tuairisceán a chomhdú le nó gan íocaíocht.

COM ▾ Tuairisceán stóras ▾ Comhadú Tuairisceán ➔

Uaslódáil Foirm(eacha) Comhlánaithe As-líne
Roghnaigh an cineál tuairisceáin ón liosta titim-síos chun tuaireascán a chomhlánaíodh as-líne a uaslódáil.

Roghnaigh cineál tuairisc... ▾

Fíor 3 - Leathanach Baile Tuairisceán a Thíolacadh ROS



3.2 Scáileán Roghnaithe Tréimhse

Roghnaítear an tréimhse bhainteach ón liosta ‘Tuairisceáin amuigh’ atá ar fáil ar an Scáileán Roghnaithe Tréimhse. Léireofar sa liosta gach tréimhse um thíolacadh atá fós amuigh. Trí ‘Tíolaic’ a chliceáil tabharfar an t-úsáideoir chuig an Scáileán Achoimre Tuairisceáin.

[← Ar ais go ROS](#)

Achomaire ar do thuaireascán:

Tuairisceáin ar iarraidh

Feabhra 2017	Comhad →
Tuairisceáin atá curtha faoi bhreith cheanna féin	
Eanáir 2017	Athralgh →
Nollag 2016	Athralgh →

Fíor 4 - Scáileán Roghnaithe Tréimhse

Ligeann an liosta ‘Tuairisceáin a tíolacadh roimhe seo’ don úsáideoir tuairisceáin a tíolacadh roimhe seo a roghnú chun iad a leasú má theastaíonn sé. Nuair a roghnaítear tuairisceán a tíolacadh roimhe seo, beidh an fhaisnéis uile a bhí sa tuairisceán nuair a tíolacadh é ar dtús le feiceáil ar gach scáileán. Tabhair do d’aire nach léireofar ach na 12 thréimhse roimhe seo ó nach féidir leis an úsáideoir tuairisceán a leasú ach laistigh de na 12 mhí tar éis dháta dlite an tuairisceáin. Má theastaíonn ó úsáideoir tuairisceán a leasú a tíolacadh roimh na 12 thréimhse roimhe seo, ba chóir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach cuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.



3.3 Scáileán Achoimre Tuairisceáin

Léirítear ar an Scáileán Achoimre Tuairisceáin ainm agus uimhir gach stórais atá cláraithe don chuideachta/coimeádaí stórais ar SEED. Tógtar ainm an stórais ón gcéad líne i seoladh an stórais. Tabhair do d'aire nuair nach mbíonn stóras gníomhach a thuilleadh ar SEED, tá sé fós indéanta tuairisceán a leasú a raibh an stóras sin fós ann nuair a bhí a chlárúcháin gníomhach.

← Ar ais go achomaire tuairisceáin

Do Thuairisceán Stóras do Feabhra 2017:

Stóras	Uimhir	Sonraí Trádála	Stádas
MINERAL OIL TRADING COMP	IETW000000000	Iontráil →	✘

Lean ort →

Fíor 5 - Scáileán Achoimre Tuairisceáin

Cé nach léirítear ar an léaráid thuas ach stóras amháin, nuair a bhíonn níos mó ná aon stóras amháin cláraithe leis an gcoimeádaí céanna stórais, liostálfar gach stóras.

Trí 'Iontráil' a roghnú (faoin gcolún 'Sonraí Trádála'), féadfaidh an t-úsáideoir an táirge/na táirgí cuí a roghnú ón Scáileán Roghnaithe Táirge, agus ansin na sonraí trádála a chur isteach ar bhonn táirge ar tháirge don stóras cuí tríd an Scáileán Sonraí Táirge.

Nuair a iontráiltear go rathúil sonraí trádála táirge amháin nó níos mó, beidh tic glas le feiceáil faoin gcolún 'Stádas'. Níl sé indéanta tuairisceán a thíolacadh ach amháin má cuireadh isteach sonraí trádála le haghaidh táirge amháin ar a laghad do gach stóras liostáilte. Agus na sonraí trádála uile curtha isteach le haghaidh gach stóras don tréimhse tuairisceáin bhainteach, féadfaidh an t-úsáideoir leanúint ar aghaidh chuig an Scáileán Achoimre tríd an gcnaipe 'Lean Ar Aghaidh' a chliceáil.



3.4 Scáileán Roghnaithe Táirge

Tugtar ar an Scáileán Roghnaithe Táirge, mar a léirítear thíos, liosta de gach táirge ola mianraí atá ar fáil le roghnú. Ón scáileán seo, féadfaidh an t-úsáideoir na táirgí a roghnú a raibh an stóras ag plé leo trí 'Cuir leis' a chliceáil. Trí tháirge a roghnú, tugtar an custaiméir chuig an Scáileán Sonraí Táirge, áit a gcuirtear isteach toirteanna trádála an táirge don tréimhse tuairisceáin sin.

← Cealaigh

Roghnaigh earraí do MINERAL OIL TRADING COMP:

Peltreal Cuir le	Ola Trom - Tiomána Cuir le
Ola Gháis Marcálte Cuir le	Ceirísín - Neamh Tiomána Cuir le
Gás Peitriiliam Leachtaithe - Gach úsáid eile Cuir le	Gás Peitriiliam Leachtaithe - Tiomána Cuir le
Ola Bhreosta - Gach úsáid eile Cuir le	Ola Bhreosta - Ginneadh Leictreachas Cuir le
Gásallín Eitlíocht Cuir le	Breosta Ionadach - Peltreal Cuir le
Breosta Ionadach - Díosal Cuir le	Breosta Ionadach - Gach úsáid eile Cuir le
Ola Trom Eitlíocht Cuir le	

[Sábháil →](#)

Fíor 6 - Scáileán Roghnaithe Táirge

Tar éis na sonraí uile táirge a chur isteach, tugtar an t-úsáideoir ar aghaidh chuig an Scáileán Roghnaithe Táirge, áit a bhféadtar táirge eile a roghnú má theastaíonn sé. Féadtar dliteanas iomlán gach táirge a fheiceáil ar an scáileán mar chuid de na sonraí a léirítear don táirge sin. Ní mór an próiseas seo a dhéanamh do gach táirge atá i stoc an stórais. Nuair nach ndearnadh táirge a thrádáil le linn na tréimhse sin (is é sin nach raibh aon ghluaiseacht chun

Úsáid Baile), ní mór, mar sin féin, sonraí an táirge a chur isteach chun riachtanais rialaithe stoic a shásamh don táirge sin.

Tar éis sonraí táirge bheith curtha isteach le haghaidh gach táirge sa stóras, féadfaidh an t-úsáideoir an cnaipe 'Sábháil' a roghnú chun filleadh ar an Scáileán Achoimre Tuairisceáin.



3.5 Scáileán Sonraí Táirge

Déanann úsáideoirí na sonraí iarrtha trádála a chur isteach don táirge agus stóras a roghnaítear ar an Scáileán Sonraí Táirge, mar a léirítear thíos.

Tá téacs cabhrach ar fáil ar an scáileán do gach catagóir ach cliceáil ar an gcnaipe 'Mínigh an rannán seo'. Tá, áfach, míniú níos sonraithe ar fáil thíos ar gach réimse ionchuir.

Ní mór gach réimse ionchuir a chomhlánú agus ní mór toirteanna a chur isteach i gcililítir, suas le trí ionad dheachúla (ionas go mbeidh toirteanna beacht de réir an lítir) mar a thomhaistear é ag 15 céim Celsius.

[← Cealaigh](#)

Cuir isteach na toirt do Peitreal:

Ní mór gach réimse a chomhlánadh agus ní mór na toirt a bheith i gcililíotar, ag tomhas 15 céim Celsius.

Stoc:

Iarmhéid tosaigh

Iarmhéid dúnadh

Aistríthe Isteach:

► [Mínigh an mír seo.](#)

Iomportáilte

Dleacht ar fionraí isteach

Déanta

Sochar Stoc

Ó ghníomhachtaí

Aistríthe amach:

► [Mínigh an mír seo.](#)

Easportáilte

Loghadh COM

Dleacht ar fionraí amachx

Cailteanais stoic

Go dtí gníomhaíochtaí

Úsáid baile

Toirt fíor bithbhreosla

Loghadh Táille Carbóin

Fíor 7 - Scáileán Sonraí Táirge



3.5.1 Iarmhéid Tosaigh

Is é ‘Iarmhéid tosaigh’ an toirt iomlán i stoc den ola mhianraí ar leith ag tús an chéad lae trádála den tréimhse tuairisceáin. Ba chóir gurb ionann an toirt a dhearbhaítear agus Iarmhéid deiridh na tréimhse tuairisceáin roimhe sin.

3.5.2 Iarmhéid Deiridh

Is é ‘Iarmhéid deiridh’ toirt an táirge i stoc ag deireadh an lae dheireanaigh trádála den tréimhse tuairisceáin. Ba chóir gurb ionann an toirt dhearbhaithe agus an t-Iarmhéid tosaigh a dhearbhaítear don chéad tréimhse eile tuairisceáin. Ba chóir gurb ionann an t-Iarmhéid deiridh agus suim na réimsí; *Iarmhéid tosaigh móide gluaiseachtaí iomlána isteach, lúide gluaiseachtaí iomlána amach.*

3.5.3 Iompórtáilte

Ciallaíonn ‘Iompórtáilte’ toirt iomlán an táirge a fuarthas isteach chuig an stóras ar fionraí dleachtanna ó Bhallstáit Neamh-AE, lena n-áirítear breiseáin agus marcóirí.

3.5.4 Dleacht Ar Fionraí Isteach

Is ionann ‘Dleacht ar fionraí isteach’ agus toirt iomlán an táirge a fuarthas isteach chuig an stóras ar fionraí dleachtanna ó stórais eile suite sa Stát nó suite i mBallstáit eile de chuid an AE.

3.5.5 Táirgthe

Tá an réimse seo beartaithe do stórais a dhéanann táirgí ola mianraí a mhonarú, trí phróisis ar nós amhola hidreacarbóin nó plandola a scagadh, eistearúchán olaí chun bhithdhíosal a dhéanamh &l. Dá réir sin ní gá ach do líon fíorbheag stóras COM an réimse seo a chomhlánú.

I gcoitinne, ciallaíonn “táirgthe” toirt iomlán an táirge a cruthaíodh trí mhonarú, scagadh agus athchúrsáil. Sainmhínítear an téarma táirgeadh, i dtaca le holaí mianraí, in Alt 94(1) den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú) mar seo a leanas:

monarú, scagadh, athchúrsáil, “a chur faoi aon phróisis shonraithe de réir bhrí Nóta Breise 4 a ghabhann le Caibidil 27 den chomhainmníocht (dá dtagraítear i mír 5, Alt 2 den Treoir), agus aon mhodh eile chun ola mhianra a phróiseáil agus a fháil as aon fhoinsé nádúrtha agus forléireofar “a tháirgeadh” agus focail ghaolmhara eile dá réir sin;

Tabhair do d’aire na toirteanna **nach bhfuil le cur san áireamh sa réimse seo**, ina measc toirteanna a bhaineann le táirgí a táirgeadh ó oibríochtaí ar olaí ar fionraí dleachtanna, mar shampla marcóirí curtha leis chun ola gháis mharcáilte (MGO) a tháirgeadh, ar chóir a chur san áireamh faoin gceannteideal ‘Ó oibríochtaí’.



3.5.6 Gnóthachain Stoic

Is tagairt é gnóthachain stoic do mhéadú i dtoirt táirge i stoc mar thoradh ar ola éillithe bheith tugtha ar ais chun stórais.

3.5.7 Ó Oibríochtaí

Is tagairt é ‘Ó oibríochtaí’ do mhéadú i dtoirt táirge i stoc mar thoradh ar réimse leathan féideartha próiseas go himheánach don stóras agus áirítear ann roinnt próiseas táirgeachta “neamhdhlúth”. Tá liosta thíos de roinnt oibríochtaí den chineál seo. I gcás go mbeadh coimeádaíthe stóras in amhras maidir le cé acu atá cuí oibríocht nach bhfuil ar an liosta a thaifeadadh sa réimse seo nó gan é a thaifeadadh, ba chóir don choimeádaí teagmháil a dhéanamh lena nOifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Féadfaidh sé go dtiocfaidh méaduithe ar thoirteanna stoic ó oibríochtaí go himheánach don stóras mar thoradh air:

- Cineálacha éagsúla ola ar fionraí dleachtanna a chumasc, mar shampla:
 - Tiomántán Ola Troime cumaiscthe le MGO – méadú san MGO le taifeadadh sa réimse ‘Ó oibríochtaí’ (laghdú dá éis sin i dTiomántán Ola Troime le taifeadadh sa réimse ‘Go hOibríochtaí’ de Scáileán Sonraí Táirge an Tiomántáin Ola Troime).
 - Bitdhíosal cumaiscthe le Tiomántán Ola Troime – méadú i dTiomántán Ola Troime (laghdú dá éis sin i mBreosla Ionaid – Díosal).
 - Eatánól cumaiscthe le peitreal – méadú i bPeitreal (laghdú dá éis sin i mBreosla Ionaid – Peitreal).
- Marcóir agus/nó dínádúróir a chur leis, mar shampla:
 - Marcóirí curtha le díosal – méadú i stoc MGO (laghdú dá éis sin i dTiomántán Ola Troime le taifeadadh sa réimse ‘Go hOibríochtaí’ de Scáileán Sonraí Táirge an Tiomántáin Ola Troime).
 - Marcóir curtha le Ceirisín – méadú i gCeirisín – Neamh-Thiomántán.
- Breiseán a chur leis – méadú sa táirge ar cuireadh an breiseán leis.

3.5.8 Easpórtáilte

Ciallaíonn ‘Easpórtáilte’ toirt an táirge, lena n-áirítear breiseáin agus marcóirí, coinsínithe ón stóras, ar fionraí dleachtanna, chuig Ballstát Neamh-AE.

3.5.9 Táirge Amach Ar Fionraí Dleachtanna

Déantar taifead in ‘Táirge amach ar fionraí dleachtanna’ ar thoirt an táirge choinsínithe ón stóras, ar fionraí dleachtanna, chuig stórais eile suite laistigh den Stát nó i mBallstáit eile de chuid an AE.



3.5.10 Go hOibríochtaí

Déantar taifead in ‘Go hOibríochtaí’ ar an **laghdú** i dtoirt táirge i stoc mar thoradh ar réimse leathan féideartha oibríochtaí táirgeachta go himmheánach don stóras. Tá liosta thíos de chuid d’oibríochtaí den chineál seo. I gcás go mbeadh coimeádaithe stóras in amhras maidir le cé acu atá cuí oibríocht nach bhfuil ar an liosta a thaifeadadh sa réimse seo nó gan é a thaifeadadh, ba chóir don choimeádaí teagmháil a dhéanamh lena gCeantar Cánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Féadfaidh sé go dtiocfaidh laghduithe ar thoirteanna stoic ó oibríochtaí go himmheánach don stóras mar thoradh air:

- Cineálacha éagsúla ola ar fionraí dleachtanna a chumasc, mar shampla:
 - Tiomántán Ola Troime cumaiscthe le MGO – laghdú i dTiomántán Ola Troime (méadú éis sin in MGO le taifeadadh sa réimse ‘Go hOibríochtaí’ agus le taifeadadh sa réimse ‘Go hOibríochtaí’ de Scáileán Sonraí Táirge an MGO).
 - Bitdhíosal cumaiscthe le Tiomántán Ola Troime – laghdú i mBreosla Ionaid – Díosal (méadú dá éis sin i dTiomántán Ola Troime).
 - Eatánól cumaiscthe le Peitreal – laghdú i mBreosla Ionaid – Peitreal (méadú dá éis sin i bPeitreal).
- Marcóir agus/nó dínádúróir a chur leis, mar shampla:
 - Marcóirí a bheith curtha le Tiomántán Ola Troime – laghdú i stoic Tiomántáin Ola Troime (méadú dá éis sin in MGO le taifeadadh sa réimse ‘Go hOibríochtaí’ de Scáileán Sonraí Táirge an MGO).

3.5.11 Caillteanais Stoic

An toirt atá le dearbhú sa réimse ‘Caillteanais stoic’ is ea an laghdú i dtoirt an táirge i stoic mar gheall ar chaillteanais nó easnaimh sa stóras.

3.5.12 Úsáid Baile

Is tagairt é ‘Úsáid baile’ do thoirt iomlán an táirge inchánach a scaoiltear leis ón stóras chun úsáide sa Stát. Áirítear sa réimse seo an táirge ag an táille iomlán COM (is é sin na comhphárteanna carbóin agus neamhcharbóin) agus an táirge nach bhfuil ach comhpháirt neamhcharbóin an ráta sa táille. Tabhairt do d’aire go bhfuil an toirt a ndéantar taifeadadh air sa réimse ‘Loghadh Muirir Cánach’ le cur san áireamh freisin i luach an réimse ‘Úsáid baile’. Déantar, áfach, taifeadadh ar leithligh faoin réimse ‘Loghadh COM’ ar an táirge a scaoiltear leis saor ina iomláine ó cháin.

3.5.13 Toirt an Bhithbhreosla Íon

Déantar taifeadadh sa réimse seo ar thoirt an bhithbhreosla íon a chuirtear leis an táirge sula mbaintear an táirge ón stóras. Níl aon táirge neamh-bhithbhreosla le cur san áireamh sa



luach seo, mar shampla dínádúróir, a chuirtear le bithbhreosla ar chúis ar bith. Mar shampla, ar an Scáileán Sonraí Táirge Peitiril, dhéanfaí taifeadadh sa réimse seo ar thoirt an eatánóil íon a chuirtear le peitreal. Níor chóir, áfach, go gcuirfí san áireamh sa toirt seo toirt an dínádúróra (ná toirt aon táirge eile neamh-bhithbhreosla) a cuireadh leis an eatánól roimhe seo.

3.5.14 Loghadh COM

Déantar taifeadadh sa réimse 'Loghadh COM' toirt iomlán an táirge a sholáthraítear saor, is é sin saor ó chomhphárteanna muirir carbóin agus neamhcharbóin araon an COM, ó cháin ón stóras chuig daoine údaraithe chun cuspóirí faoi réir faoiseamh ó cháin ola mianraí. Ní mór go gcomhlíonadh soláthar den chineál seo forálacha an dlí máil agus nósanna imeachta agus coinníollacha a fhéadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a iarraidh.

Féadfar scaoileadh saor ó cháin le hola mhianrach ó stóras cánach chun na críche seo a leanas:

- cuspóirí eile seachas breosla móitair nó téimh;
- próisis dí-ocsaídithe ceimicigh, nó próisis leitrealaíochta, nó próisis miotaleolaíochta;
- ola mhianrach a tháirgeadh;
- úsáid in innill aerárthach le linn na hinnill sin a thástáil agus a chothabháil;
- ola mhianrach i dtáirgeadh leictreachais amháin, nuair a bhíonn an leictreachas sin faoi réir cáin leictreachais nó nuair a sholáthraítear é d'fhonn úsáide taobh amuigh den Stát;
- loingseoireacht mara lena n-áirítear iascaireacht mhara ach gan loingseoireacht phríobháideach pléisiúir bheith san áireamh; agus
- ola throm (is é sin ceirisín eitlíochta) amháin, aerloingseoireacht seachas eitlíocht phríobháideach pléisiúir.

Tabhair do d'aire nár chóir toirt an bhreosla ionchuir sa réimse seo a dhúbailt sa réimse 'Loghadh Muirir Carbóin', réimse a choinníonn cuntas ar leithligh agus go sonrach do bhreosla a sholáthraítear saor ón gcomhpháirt muirir carbóin den COM.

3.5.15 Loghadh Muirir Carbóin

Déantar taifeadadh sa réimse seo ar thoirt an táirge a sholáthraítear saor ón muirear carbóin amháin do dhaoine údaraithe ar chúis faoi réir faoisimh ón muirear carbóin. Ní mór soláthar den chineál seo a dhéanamh de réir fhorálacha an dlí máil agus le nósanna imeachta agus coinníollacha a fhéadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a iarraidh. Tabhair faoi deara go bhfuil toirt a ndéantar a thaifeadadh sa réimse seo le háireamh i luach an réimse 'Úsáid baile'.



3.5.16 Athruithe i Rátaí Buiséid

Sa chás, mar thoradh ar athruithe Buiséid do na rátaí COM atá infheidhme do tháirge, go mbeidh feidhm le dhá ráta éagsúla le táirge laistigh den tréimhse chéanna tuairisceáin, ligfear ar an scáileán sonraí táirge do chustaiméirí na réimsí 'Úsáid baile', Toirt an bhithbhreosla íon' agus 'Loghadh Muirir Carbóin' a chur isteach don dá thréimhse, is é sin roimh agus i ndiaidh an athraithe ráta.

3.5.17 Páirt-Sábháil

Sa chás go gcuirtear sonraí isteach ar an Scáileán Sonraí Táirge ach gan an tuairisceán a thíolacadh ina dhiaidh sin, sábhálfar na sonraí a soláthraíodh. Féadfaidh an t-úsáideoir, tar éis leanúint leis an bpróiseas tíolactha ón áit ar stopadh, na sonraí a sábháladh roimhe seo a úsáid, nó fáil réidh leo agus tosú as an nua.

Tar éis é a chomhlánú, léiríonn an Scáileán Sonraí Táirge na gluaiseachtaí iomlána isteach, gluaiseachtaí iomlána amach, iomlán an Mhuirir Carbóin Úsáide Baile, iomlán an Mhuirir Neamhcharbóin Úsáide Baile, agus dliteanas COM don táirge áirithe sin, de réir na sonraí a chuir an t-úsáideoir isteach.

Tar éis na sonraí trádála a chur isteach don táirge, féadfaidh an t-úsáideoir an cnaipe Sábháil a roghnú chun filleadh ar an Scáileán Roghnaithe Táirge chun táirge eile a roghnú má theastaíonn sé.



3.6 Scáileán Achoimre

Léirítear ar an Scáileán Achoimre an dliteanas iomláin neamhcharbóin, carbóin, agus COM do gach stóras. Léirítear ar an scáileán freisin dliteanas iomlán carnach gach stóras atá sa áireamh sa tuairisceán, chomh maith le híocaíochtaí iomlána go dtí seo don tréimhse (is é sin iomlán na n-íocaíochtaí uile tréimhsí seasta, de réir na hachóimre in [Alt 2.2](#)) chomh maith leis an iomlán amuigh.

Ní mór aon dliteanas amuigh a íoc mar chuid den tuairisceán tíolactha.

[← Ar ais go leargas ginearalta tuairisceáin](#)

An bhfuil na sonraí seo ceart do Feabhra 2017:

Stóras	Uimhir	Neamh charbóin	Carbóin	Dlíteanas COM
MINERAL OIL TRADING COMP	IETW000051184	€ 53,599,690.58	€ 789,695.87	€ 54,389,386.45
Dlíteanas Iomlán				€ 54,389,386.45
Iomlán íoctha				€ 54,389,386.45
Iomlán fós le níoc				€ 0.00

Leis an tuairisceán seo a chuir faoi bhreith, tá tú ag deimhniú go bhfuil an teolas ar fad ann ceart agus iomlán ó thaobh an stóras nó na stórais i gceist agus i gcás go bhfuil rátaí laghadaithe cáin ola mhianrach á lorg gur seachadh na táirgí is ábhar don iarratas seo le núsáid i gcomhair leis na forálacha reachtúil atá leagtha síos maidir le iarratais dá leithéad.

[Lean go dtí íocaíocht →](#)

[Priondáil](#)

Fíor 8 - Scáileán Achoimre

Iarrfar ar úsáideoirí, sula leanann siad ar aghaidh, dearbhú a thabhairt go bhfuil an fhaisnéis uile laistigh den tuairisceán ceart agus comhlánaithe, san áireamh gur de réir na bhforálacha reachtacha a rialaíonn éilimh den chineál seo a soláthraíodh d'fhonn úsáid toirt gach táirge a éilíodh ag ráta laghdaithe.

Tar éis an dearbhú a thabhairt tríd na ticbhoscaí, féadfaidh úsáideoirí leanúint ar aghaidh chuig an scáileán íocaíochta i gcás go bhfuil dliteanas amuigh ann agus íocaíocht ag teastáil, nó nuair nach mbíonn dliteanas, leanúint ar aghaidh chuig an scáileán Síniú & Tíolaic.



3.7 Scáileán Íocaíochta

Nuair a thagann dliteanas amuigh aníos, tugann an scáileán íocaíochta an rogha don choimeádaí stórais an dliteanas seo a íoc: le cárta creidmheasa, le cárta dochair, nó trí ríomhaistriú ó chuntas bainc an choimeádaí stórais trí Threoir Aonair Dochair (TAD), de réir na fórach thíos. Tar éis na sonraí cuí cárta/cuntais a chur isteach, cuirfear an coimeádaí stórais i dtreo an scáileáin Síngigh & Tíolaic. Nuair a roghnaítear an rogha TAD, ní stórálfar sonraí cuntais bainc agus ní mór iad a ionchur gach uair.

Tabhair do d'aire go bhfuil muirear seirbhíse idirbhirt 1.1% ar íocaíochtaí le Cárta Creidmheasa.

[← Ar ais chuig Mo Seirbhísí](#)

Cen doigh ba mhaith leat a íoc

Íocaíocht iomlán € 54,389,386.45

Le cárta creidmheasa

Le cárta dochair

Leis mó cuntas bainc

BIC

IBAN

Cuir le dó thóil do dochar mo chuntais an tsuim shingil mar atá sonraithe.

Leis an bhfoirm saíordaithe seo a shiniú, údaraíonn tú (A) na Coimisinéirí Ioncaim treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas agus (B) do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas de réir treoracha ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteldeal aisiocaíochta ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Caithfear aisiocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtain ón dáta ar cuireadh dochar ar do chuntas. Minítear do chearta i ráiteas ar féidir leat a fháil ó do bhanc.

[▶ Cen doigh ba mhaith leat a íoc leis mó](#)

cuntas bainc

Más mian leat ríomhphost deimhnithe a fháil iontráil do sheoladh ríomhphoist thíos

[Ar Aghaidh →](#)

[← Siar](#)

Fíor 9 - Scáileán Íocaíochta



3.8 Scáileán Síniú & Tíolaic

Iarrtar ar an gcoimeádaí stórais an tuairisceán stórais a “shíniú” trína ndeimhniú digiteach ROS a dhearbhu agus an pasfhocal cúí a chur isteach arís.

Fíor – An Scáileán Síniú & Tíolactha Tar éis ‘Síniú agus Tíolaic’ a roghnú, léireofar scáileán dearbhaithe ag cur in iúl don úsáideoir go ndearnadh an tuairisceán, nó an tuairisceán agus an íocaíocht, a dhéanamh go rathúil. Tar éis an tuairisceán a thíolacadh go rathúil, seolfar fógra eile chuig Bosca Isteach ROS an chustaiméara.

Tabhair do d’aire nuair is é an gníomhaire a thíolacann an tuairisceán, seolfar an fógra chuig Bosca Isteach ROS an ghníomhaire, seachas ceann an choimeádaí stórais.

3.9 Ró-íocaíocht COM

Féadfaidh ró-íocaíocht COM tarlú nuair is mó iomlán na n-íocaíochtaí measta don tréimhse ná an dliteanas cánach faoi mar a shainítear ar an tuairisceán stórais é, nó nuair a laghdaítear an dliteanas a íocadh roimhe i ngeall ar thuairisceán leasaithe. Tar éis an ró-íocaíocht a dhearbhu, agus ar an gcoinníoll nach é an coimeádaí stórais a d'iarr an fritháireamh (féach thíos), eiseofar aisíocaíocht ar mhéid na ró-íocaíochta chuig an gcustaiméir.

Tabhair do d'aire, chun aisíocaíocht a fháil, iarrtar cuntas bainc a bheith ainmnithe ag an gcoimeádaí stórais roimhe seo a n-íocfar na haisíocaíochtaí COM isteach ann. Féadfaidh coimeádaithe stóras sonraí bainc a ainmniú agus a leasú trí ROS ach Bainistigh Cuntais Bainc > Bainistigh EFT a roghnú faoin gceannnteideal Íocaíochtaí agus Aisíocaíochtaí ar an leathanach baile ROS.

3.9.1 Ró-íocaíocht a Fhritháireamh

Nuair a bhíonn coinne ag an gcoimeádaí stórais le haisíocaíocht COM, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh trína nOifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an méid a bhí i gceist a fhritháireamh i gcoinne dliteanas ar leithligh faoi cheannnteideal eile cánach.

3.10 Ola Mhianraí Éillithe

De réir na Rialachán Cánach Ola Mianraí, 2012, arna leasú, aon ola mhianraí ar íocadh cáin ina leith a baineadh ó stóras, féadfar í a chur ar ais chuig an stóras céanna nuair a bhíonn na Coimisinéirí Ioncaim deimhin de go ndearnadh an ola mhianraí a éilliú. Féadfaidh sé go mbeidh an coimeádaí stórais i dteideal aisíocaíocht iomlán nó páirt-aisíocaíocht a fháil ar an COM a íocadh ar an mbreosla éillithe ag brath ar chúinsí an éillithe.

Aon mhéaduithe i stoc mar gheall ar ola éillithe a bheith á tabhairt ar ais, ní mór iad a thaifeadadh ar an tuairisceán stórais a chlúdaíonn an tréimhse ar cuireadh an ola ar ais chuig an stóras lena linn. Ba chóir toirt na hola éillithe a tugadh ar ais a thaifeadadh ar an Scáileán Sonraí Táirgí (féach [Alt 3.5](#)) faoin táirge cuí ola mianraí faoi “Gnóthachain Stoic”, agus an méadú dá réir le feiceáil i méid stoic an “Iarmhéid Deiridh”.

Tar éis méid na haisíocaíochta infheidhme COM a aontú ina dhiaidh sin le hOifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, ba chóir don choimeádaí stórais an tuairisceán stórais a leasú don tréimhse ar eisíodh ar dtús d'fhonn úsáid baile an táirge ola mianraí atá anois éillithe. Ba chóir do choimeádaithe stóras an toirt a taifeadadh faoi “Úsáid Baile” a laghdú don táirge cuí ar an Scáileán Sonraí Táirge, de réir an méid a comhaontaíodh, chun méid cuí na haisíocaíochta a ghiniúint. Tar éis an éilimh leasaithe a thíolacadh, eiseofar aisíocaíocht don mhéid sin go luath ina dhiaidh sin.

Tabhair do d'aire go bhfuiltear ag forbairt faoi láthair próiseas simplithe le haghaidh aisíocaíochtaí COM ar ola éillithe a chuirtear ar ais chuig an stóras. Cuirfear coimeádaithe stóras ar an eolas faoin bpróiseas nua seo agus é á chur i bhfeidhm.

4. Breathnú ar Thuairisceán Stórais

Tar éis tuairisceán a thíolacadh, gheobhaidh úsáideoirí fógra ina mBosca Isteach ROS. Féadfar an fógra seo a úsáid chun breathnú ar an tuairisceán ag am ar bith ach an nasc 'Uimhir an Fhógra' a roghnú don fhógra cuí (féach thíos). Tabharfar an t-úsáideoir ar aghaidh ansin chuig leagan inléite amháin den Scáileán Achoimre Tuairisceáin don tuairisceán sin.

The screenshot shows the Revenue website interface. At the top, there are navigation buttons: MO SHEIRBHÍSÍ, TAIFEAD IONCAIM (selected), PRÓIFÍL, OBAIR AR SIÚL, and RIARACHÁN SHEIRBHÍSÍ. Below this is the header for 'MINERAL OIL TRADING COMPANY F - Teachtaireachtaí sa Bhosca Isteach'. On the left, there is a sidebar with a 'ROGHANNA' (Options) menu containing: Teachtaireachtaí sa Bhosca Isteach, Cuardaigh Doiciméad, Cuardaigh ar thuairisceán, Dleacht Stampála, Cuardach Tríú Páirtí, Tuairisceán, and Íocaíochtaí. The main content area shows a search bar for 'Cuardaigh de réir:' with a dropdown menu set to 'Roghnaigh Modh Cuardaigh'. Below the search bar is a table with the following data:

	Uimh. Fógra	Ainm an Chustaiméara	Uimh. Cláraithe	Cineál Cánach	Cineál doiciméad
<input type="checkbox"/>	4046113039V	MINERAL OIL TRADING COMP		Mineral Oil Tax	Warehouse Return
<input type="checkbox"/>	4811016583T	MINERAL OIL TRADING COMP		Mineral Oil Tax	Warehouse Return
<input type="checkbox"/>	5169645742D	MINERAL OIL TRADING COMP		Mineral Oil Tax	Warehouse Return
<input type="checkbox"/>	5769386568M	MINERAL OIL TRADING COMP		Mineral Oil Tax	Warehouse Return
<input type="checkbox"/>	4979217554V	MINERAL OIL TRADING COMP		Mineral Oil Tax	Warehouse Return

Fíor 10 - Scáileán Taifeadta na gCoimisinéirí Ioncain

I gcás an tuairisceán a bheith tíolactha ag gníomhaire, is é an gníomhaire seachas an coimeádaí stórais a bheidh in ann breathnú ar an tuairisceán.

5. Tuairisceán Stórais a Leasú

Beidh coimeádaithe stóras in ann tuairisceán stórais a leasú trí ROS laistigh de 12 mhí ó dháta dlite an tuairisceáin. Tá cosúlachtaí ann idir an próiseas chun tuairisceán a leasú agus tuairisceán a thíolacadh, de réir na hachóimre in [Alt 3](#).

Chun tuairisceán a thíolacadh roimhe seo a leasú, ní mór d'úsáideoirí ar dtús 'Tuairisceán a Thíolacadh' a roghnú ó na liostaí anuas ar leathanach baile ROS, is é sin an liosta 'Cineál na cánach COM' agus 'Tuairisceán Stórais' agus ansin cliceáil ar an gcnaipe 'Tíolaic an Tuairisceán', mar a léirítear ar an bhfíor thíos.

The screenshot shows a web interface for updating records. At the top, there's a teal header with a home icon and the text 'Tuairisceán a chomhdú'. Below this, the main heading is 'Comhlánaigh Foirm Ar-líne'. Underneath, there's a sub-heading: 'Roghnaigh tuairisceán ar mhaith leat a chomhlánú anois. Tabharfar an rogha duit an tuairisceán a chomhdú le nó gan íocaíocht.' There are three main elements: a dropdown menu with 'COM' selected, a dropdown menu with 'Tuairisceán stóras' selected, and a button labeled 'Comhadú Tuairisceán' with a right-pointing arrow. Below this section, there's another heading: 'Uaslódáil Foirm(eacha) Comhlánaithe As-líne'. Underneath, it says: 'Roghnaigh an cineál tuairisceáin ón liosta titim-síos chun tuairisceán a chomhlánaíodh as-líne a uaslódáil.' There is a dropdown menu with the text 'Roghnaigh cineál tuairisc...'.

Fíor 11 - Leathanach Baile Tuairisceán a Thíolacadh ROS

Ní mór don úsáideoir ansin an tuairisceán cuí a thíolacadh roimhe seo a roghnú ón Scáileán Roghnaithe Tréimhse. Tar éis é seo a dhéanamh tabharfar an t-úsáideoir ar aghaidh chuig an Scáileán Achoimre Tuairisceáin, áit ónár féidir leis an úsáideoir an stóras/na stórais cuí a roghnú, agus ansin an táirge/na táirgí cuí a roghnú ón Scáileán Roghnaithe Táirge. Léireofar ar an Scáileán Sonraí Táirge na toirteanna i ngach réimse ionchuir mar a bhí siad an uair dheireanach a rinneadh iad a thíolacadh/a leasú. Féadfaidh an t-úsáideoir na figiúirí seo a leasú de réir mar is cuí agus ansin 'Sábháil' a roghnú chun na hathruithe seo a thairfeadh.

Tar éis an táirge/na táirgí stórais a leasú, tabharfar an t-úsáideoir ar aghaidh chuig an Scáileán Achoimre Tuairisceáin áit a bhféadtar 'Lean ar aghaidh' a chliceáil. Tabharfar ansin iad chuig an Scáileán Achoimre chun an tuairisceán leasaithe a thíolacadh. Tar éis an tuairisceán a leasú go rathúil, cuirfear fógra chuig Bosca Isteach ROS an choimeádaí stórais agus an t-eolas céanna ann. Tabhair do d'aire nuair a dhéanann gníomhaire tuairisceán a leasú, cuirfear fógra chuig Bosca Isteach ROS an ghníomhaire.

Nuair a mhéadaítear dliteanas cánach don tréimhse mar gheall ar leasú ar thuairisceán, iarrfar ar an úsáideoir 'Leanúint chuig íocaíocht' a roghnú chun an dliteanas breise a íoc roimh an tuairisceán a thíolacadh.

Nuair a bhíonn ró-íocaíocht i gceist mar gheall ar leasú ar thuairisceán stórais, iarrfar ar an úsáideoir ansin 'Tíolaic' a roghnú chun an tuairisceán leasaithe a thíolacadh. Nuair a dhéantar é seo, tosófar an próiseas dochair/sochair agus féadfaidh sé go ndéanfar aisíocaíocht ar an ró-íocaíocht cánach. Féach [Alt 3.9](#) le haghaidh tuilleadh eolais.

6. Tuairisceán Stórais a Chealú

I gcásanna a chreideann an coimeádaí stórais gurb é an t-aon bhealach gníomhaithe cuí ná tuairisceán a chealú seachas é a leasú, ní mór don choimeádaí stórais teagmháil a dhéanamh lena nOifigeach cuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.